# Ról agus Feidhmeanna an Phríomhoide

De réir Alt 22 de na hAirteagail Bhainistíochta, tá an príomhoide freagrach, faoi údarás an Bhord Bhainistíochta, as reáchtáil laethúil na scoile. Tá feidhmeanna reachtúla an phríomhoide leagtha síos i Roinn 22 agus 23 d' Acht Oideachais 1998 agus beidh siad intuigthe i gconradh an té a ainmneofar.

Tá na dualgais seo a leanas ar phríomhoide, ach tuiscint ann go bhfuil feidhmeanna ginearálta nach iad ag an bpríomhoide:

- Tá an Príomhoide freagrach as reáchtáil laethúil na scoile, as cúrsaí smachta agus eagair agus as dáileadh dualgais ar fhoireann iomlán na scoile.
- Féachann an príomhoide chuige go gcuirtear i bhfeidhm polasaithe, treoracha agus treoirlínte an Bhoird Bhainistíochta.
- Cuireann an príomhoide ar fáil don Bhord aon ráiteas nó tuairisc a iarrtar, atá bainteach le reáchtáil na scoile.
- Tá an príomhoide freagrach as reáchtáil laethúil cúrsaí airgid sa scoil, de réir na comhairle a thagann ón FSSU (Rannóg Airgeadais an JMB).
- Ní mór don phríomhoide bheith ar an eolas faoi na Treoirlínte um Chosaint Leanaí agus is gnách go bhfeidhmíonn an príomhoide mar an Duine Cumarsáide Ainmnithe.
- Ní mór don phríomhoide glacadh leis an réimse leathan dualgas agus feidhmeanna atá leagtha síos de réir na reachtaíochta.
- Ní mór don phríomhoide feidhmiú de réir na nAirteagal Bainistíochta.

Tá an Príomhoide freagrach as caomhnú sainmheon na scoile, de réir mar atá sé leagtha síos ag na hiontaobhaithe.

Tá an príomhoide agus na múinteoirí i scoil freagrach as ardchaighdeán teagaisc a sholáthar do na daltaí agus as oideachas den scoth a chur ar fáil, chomh maith le forbairt phearsanta gach dalta a stiúradh.

Ní mór don phríomhoide

- grá don léann a mhúscailt agus a spreagadh i measc na ndaltaí
- córas éifeachtach meastóireachta a chur i bhfeidhm agus tuairiscí rialta a chur ar fáil do na daltaí agus dá dtuismitheoirí
- comhoibriú éifeachtach a fhorbairt idir an scoil agus an pobal a ndéanann sí freastal air
- agus aird a thabhairt ar pé comhaontú fostaíochta atá i bhfeidhm ag an am agus ar chonradh an phríomhoide, na dualgais a chuireann an bord air a chomhlíonadh
- cinnireacht a sholáthar do na múinteoirí, don fhoireann iomlán agus do dhaltaí na scoile

- timpeallacht scoile a fhorbairt, i gcomhpháirt leis an mBord Bainistíochta, leis na tuismitheoirí agus leis na múinteoirí, a spreagann agus a thugann tacaíocht d'fhoghlaim na ndaltaí agus d'fhorbairt phroifisiúnta na múinteoirí
- faoi stiúir an Bhoird agus i gcomhpháirt leis na múinteoirí, na tuismitheoirí agus, de réir mar a oireann sé, na daltaí, cuspóirí a leagadh síos don scoil agus athbhreithniú a dhéanamh go rialta féachaint an bhfuil na cuspóirí sin á mbaint amach.
- Tuismitheoirí a spreagadh le páirt ghníomhach a ghlacadh in oideachas a bpáistí agus i gcur i bhfeidhm chuspóirí na scoile.

Beidh údarás ag an bpríomhoide a chuirfidh ar a chumas na dualgais agus feidhmeanna seo a chomhlíonadh, de réir na bpolasaithe a bheidh leagtha síos ag an mbord bainistíochta agus de réir rialacha agus rialachán a leagfar amach faoi Alt 33 den Acht Oideachais (1998).

Beidh an príomhoide i dteideal bheith ina bhall de gach coiste údaraithe ag an mBord Bainistíochta.

Pléifidh an príomhoide leis an bpríomhoide tánaisteach nithe a bhaineann le riarachán agus bainistíocht na scoile.

Pléifidh an príomhoide, nuair atá sé indéanta, le múinteoirí agus foireann na scoile i nithe a bhaineann le cúrsaí oideachais.

## Ról an Phríomhoide mar Rúnaí den Bhord Bainistíochta

(as Airteagail Bainistíochta an JMB)

Tá an Príomhoide mar rúnaí (gan chead vótála) ar an mBord Bainistíochta. **11**

Glaonn an Rúnaí cruinnithe tar éis dul i gcomhairle leis an gCathaoirleach. **14(a)**

Glacann an Rúnaí miontuairiscí agus cuireann ar fáil iad do bhaill an Bhoird Bhainistíochta agus do na hiontaobhaithe má tá siad á lorg. Ní mór a bheith tuisceanach faoi nithe atá príobháideach nó faoi rún. **14(a)**

Leagann an Rúnaí amach clár do chruinnithe an Bhoird, i gcomhairle leis an gCathaoirleach. Aon ábhar atá le dul ar an gclár, ní mór go sroichfeadh sé an Rúnaí ar a laghad 3 lá roimh an gcruinniú. **14(b)**

Tá an Rúnaí freagrach as leabhair, páipéir agus doiciméid an Bhoird a choinneáil agus de ghnáth tá an Rúnaí freagrach as comhfhreagras an Bhoird. **14(c)**

Beidh an Rúnaí mar bhall de Choiste Airgeadais an Bhoird and mar dhuine des na sínitheoirí ar na cuntais bainc. **15(d), (c)**

Tabharfaidh an Bord Léinn, a bhunóidh an Bord Bainistíochta, tacaíocht don phríomhoide i riaradh acadúil na scoile. **16(b)**

Tá an Príomhoide freagrach as reáchtáil laethúil na scoile, as cúrsaí smachta agus eagair agus as dáileadh dualgas ar fhoireann na scoile. Tugann tuairisc ag cruinnithe an Bhoird ar imeachtaí scoile. **22**

Beidh an Príomhoide mar bhall den bhord agallaimh nuair atá múinteoirí lánaimseartha nó páirtaimseartha, buana nó sealadacha le hainmniú. Beidh an Príomhoide freagrach as fostú foireann tacaíochta na scoile, agus na hainmniúcháin a chur faoi bhráid an bhoird.

**23(b),(c), 26**

Is féidir leis an príomhoide, mar Rúnaí an Bhoird, cruinniú éigeandála den bhord a ghairm, i gcomhairle leis an gCathaoirleach.
Chomh luath is a shocraítear é a ghairm, ba cheart go dtarlódh an cruinniú chomh luath agus is féidir.
Is gá ceathrar ball le haghaidh cruinniú dleathach.
Is é an gnó práinneach amháin ba chóir a phlé leis ag an gcruinniú seo. **25**

Ar threoir ón gCathaoirleach, nó ar iarratas scríofa ó 3 bhall, is féidir cruinniú speisialta a ghairm. Is gá fógra 3 lá iomlána a thabhairt agus eolas faoi ábhar an chruinnithe. Ní féidir plé le gnó ar bith eile. **13(a)**